Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11287/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0268(NLE)**

**ATO 34**
**CADREFIN 318**

## TORADH NA nIMEACHTAÍ

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 29 Meitheamh 2026 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10568/26 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an clár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach do ghléasra cumhachta núicléiche Ignalina sa Liotuáin le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/101<br>– Cur chuige ginearálta páirteach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, téacs an chur chuige ghinearálta pháirtigh maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear an clár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach do Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina sa Liotuáin le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/101, ar thángthas air ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle (Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí) an 29 Meitheamh 2026.

2025/0268 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an clár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach do Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina sa Liotuáin le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 2021/101**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 2003, agus go háirithe Airteagal 56 de agus Airteagal 3(2) de Phrótacal Uimh. 4 atá i gceangal léi,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Prótacal Uimh. 4 maidir le Gléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina atá i gceangal le hIonstraim Aontachais 2003[1], gheall an Liotuáin go ndéanfadh sí Aonad 1 agus Aonad 2 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a dhúnadh faoin 31 Nollaig 2004 agus faoin 31 Nollaig 2009 faoi seach, agus go ndéanfadh sí na haonaid sin a dhíchoimisiúnú ina dhiaidh sin.

(2) I gcomhréir lena hoibleagáidí faoin Ionstraim Aontachais agus le cúnamh ón Aontas, dhún an Liotuáin an dá aonad laistigh de na sprioc-amanna sonracha agus rinne sí dul chun cinn mór i dtreo a ndíchoimisiúnaithe. Tá gá le tuilleadh oibre chun leanúint de leibhéal na guaise raideolaíche a laghdú. Ar bhonn na meastachán atá ar fáil, beidh acmhainní airgeadais breise ag teastáil chun na críche sin tar éis 2027.

---

[1] IO L 236, 23.9.2003, lch. 944, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/acc_2003/act_1/pro_4/sign.

(3) Tá díchoimisiúnú an ghléasra cumhachta núicléiche a chumhdaítear leis an Rialachán seo le déanamh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht núicléach, mar atá Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle[2], agus maidir le bainistiú dramhaíola, mar atá Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle[3]. De bhun na reachtaíochta sin, is ar an Liotuáin i gcónaí atá an fhreagracht deiridh as sábháilteacht núicléach agus as sábháilteacht breosla spíonta agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí.

(4) Agus é á aithint ann go raibh dúnadh luath agus díchoimisiúnú dá réir sin Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina ag a raibh dhá aonad imoibreora de chineál 1 500 MW RBMK a bhí ann ó ré an Aontais Shóivéadaigh de chineál nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus gur ualach eisceachtúil airgeadais a bhí sa dúnadh agus sa díchoimisiúnú sin don Liotuáin nach raibh i gcomhréir le méid agus neart eacnamaíoch na tíre, luadh i bPrótacal Uimh. 4 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 2003 go bhfuil cúnamh ón Aontas faoin gclár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach do Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina sa Liotuáin (an 'Clár') le leanúint gan bhriseadh agus go gcuirfear síneadh leis i ndiaidh 2006, le haghaidh thréimhse na gcéad Pheirspictíochtaí Airgeadais eile.

(5) [Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais táscach le haghaidh an Chláir.]

(6) Agus an Clár á chur chun feidhme, ba cheart comhleanúnachas, comhsheasmhacht agus sineirgí a áirithiú le beartais agus cláir ábhartha de chuid an Aontais, go háirithe an Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach agus Díchoimisiúnú arna bunú le Rialachán [XXX] ón gComhairle[4].

---

2 Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le sábháilteacht núicléach na suiteálacha núicléacha (IO L 172, 2.7.2009, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/71/oj).

3 Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach (IO L 199, 2.8.2011, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/70/oj).

4 RIALACHÁN (AE).../... ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach agus Díchoimisiúnú le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (Euratom) 2021/100 agus (Euratom) 2021/948 (IO, …, … ELI: ...).

(7) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas le déanaí go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil agus cláir chaiteachais de chuid an Aontais atá níos solúbtha. Chuige sin, i gcomhréir le cuspóirí an Chláir, agus soláthar an leithdháilte buiséid don tréimhse 2028-2034 agus intuarthacht leordhóthanach le haghaidh cur chun feidhme an bhuiséid á n-áirithiú, ba cheart aird chuí a thabhairt sa chistiú ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, i rúin ó Pharlaimint na hEorpa agus i gconclúidí ón gComhairle.

(8) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] maidir leis an gClár. Leagtar síos leis an Rialachán na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar, bainistíocht indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha.

---

5 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

(9) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[7], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[8] agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[9], tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a fháil amach ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh, rud a ndéantar foráil maidir leis i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10]. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór d'aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus a áirithiú go ndéanfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha a dheonú.

---

6 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).

7 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/2988/oj).

8 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292.15.11.96, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj).

9 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

10 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29, http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj).

(9A) Ba cheart an Clár a chur chun feidhme agus trédhearcacht agus cuntasacht iomlán á n-áirithiú maidir le húsáid acmhainní an Aontais chun muinín an phobail in úsáid chistí an Aontais a chaomhnú. Ba cheart na riachtanais airgeadais uile atá mar bhonn taca faoi gach céim den chur chun feidhme a dhoiciméadú agus údar a thabhairt leo ar bhealach trédhearcach.

(10) ⌊Tá an Clár le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [11][Rialachán Feidhmíochta] lena leagtar síos na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear rialacha chun a áirithiú gur go haonfhoirmeach a dhéanfar an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus prionsabal an chomhionannais inscne a chur i bhfeidhm, prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach, rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht clár agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais agus le tuairisciú ina taobh, rialacha maidir le tairseach chistiúcháin de chuid an Aontais a bhunú, rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, agus forálacha cothrománacha eile chomh maith is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais, amhail forálacha maidir le faisnéis, le cumarsáid agus le hinfheictheacht.⌋

(11) Ní dhéanann an Rialachán seo dochar do thoradh aon nós imeachta maidir le Státchabhair a d'fhéadfaí a chur ar bun amach anseo i gcomhréir le hAirteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

(12) Leis an maoiniú a dhéantar de bhun an Rialacháin seo ba cheart díriú ar ghníomhaíochtaí lena gcuirtear cuspóirí sábháilteachta an díchoimisiúnaithe chun feidhme.

---

[11] IO L.., lch.

(13) Ba cheart cruthú eolais agus comhroinnt taithí a bheith i gceist leis an gClár, agus é mar chuspóir an t-eolas agus an saineolas sin a choinneáil laistigh den Aontas chun a iomaíochas tionsclaíoch, a cheannasacht theicneolaíoch agus a neamhspleáchas straitéiseach in earnáil an díchoimisiúnaithe núicléach a neartú. Ba cheart an t-eolas agus an taithí a fhaightear agus na ceachtanna a fhoghlaimítear faoin gClár a mhéid a bhaineann leis an bpróiseas díchoimisiúnúcháin núicléach agus bainistiú dramhaíola a scaipeadh ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin, go tríú tíortha i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le beartas agus cuspóirí an Aontais, i gcomhordú agus i sineirgíocht le suiteálacha núicléacha an Choimisiúin ag suíomhanna an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (ACT), ós rud é go dtugann na bearta sin an breisluach Aontais is mó agus go rannchuidíonn siad le sábháilteacht na n-oibrithe agus an phobail i gcoitinne chomh maith le cosaint an chomhshaoil. Ba cheart raon feidhme, nós imeachta agus gnéithe eacnamaíocha an chomhair a shonrú sna cláir oibre ilbhliantúla agus d'fhéadfaidís, ina theannta sin, a bheith faoi réir comhaontuithe idir na Ballstáit nó idir na Ballstáit agus an Coimisiún.

(13A) Ba cheart don Chlár na caighdeáin is airde maidir le cosaint ar radaíocht a áirithiú d'oibrithe a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin agus don phobal i gcoitinne agus don chomhshaol, lena n-áirítear bearta sláinte agus sábháilteachta, forbairt scileanna, agus dálaí oibre cothroma, agus lánurraim á tabhairt do dhlíthe agus caighdeáin an Aontais agus do phrionsabal an réamhchúraim. I bhfianaise na rioscaí tromchúiseacha agus fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le suiteálacha núicléacha agus le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, níor cheart, le gach gníomhaíocht faoin gClár, ualaí míchuí a chur ar na glúin atá le teacht.

(14) Ba cheart do ACT scaipeadh eolais maidir le díchoimisiúnú núicléach a éascú le páirtithe leasmhara éagsúla an Aontais ar bhealach comhordaithe, mar shampla trí anailís mhargaidh, athbhreithnithe agus measúnuithe a dhéanamh ar riachtanais eolais san Aontas agus, i gcás inarb ábhartha, i dtríú tíortha, treoracha féideartha le haghaidh comhair a shainaithint, mar aon le páirtithe leasmhara agus réimsí a mbeadh an breisluach is mó ag gabháil leo de bharr an eolais a tháirgtear i gcur chun feidhme an Chláir, lena bhforbrófaí formáidí le haghaidh comhroinnt eolais. Ba cheart do ACT scaipeadh an eolais a tháirgtear a mhaoiniú. Ba cheart é a bheith de chumas ag aon Bhallstát, ar a thionscnamh féin, naisc agus malartuithe a chruthú ar mhaithe le heolas a scaipeadh. I gcás inarb ábhartha, d’fhéadfadh tríú tíortha a bheith rannpháirteach sna malartuithe sin, i gcomhréir le leasanna agus tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais agus i gcomhréir agus i gcomhlántacht le gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi Rialachán [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] [an Eoraip Dhomhanda] agus Rialachán [XXX] ón gComhairle[13] [CISN-D]. Tríd an eolas a ghintear faoin gClár, ba cheart go príomha acmhainneachtaí an Aontais a threisiú. Agus é á scaipeadh lasmuigh den Aontas, ba cheart cosaint iomchuí leasanna slándála, maoine intleachtúla, íogaireacht agus rúndacht faisnéise, agus ceannaireachta teicneolaíche an Aontais a áirithiú.

(15) Ba cheart Gléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a dhíchoimisiúnú agus leas á bhaint as an saineolas teicniúil is fearr atá ar fáil, agus aird chuí á tabhairt ar chineál agus ar shonraíochtaí teicneolaíocha na suiteálacha atá le díchoimisiúnú, chun sábháilteacht agus an éifeachtúlacht is fearr is féidir a áirithiú, agus na cleachtais Eorpacha agus idirnáisiúnta is fearr á gcur san áireamh chun cur chun feidhme éifeachtúil gníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin a áirithiú.

12 IO L.., lch.
13 IO L.., lch.

(16) Ba cheart éifeachtúlacht mhéadaithe chur chun feidhme an Chláir a optamú trí laghdú comhréireach agus atheagrú a dhéanamh ar an lucht saothair a oibríonn gníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin i nGléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina. I bhfianaise na ngníomhaíochtaí díchóimeála atá le déanamh ⌊le linn 2028-2034⌋ agus toisc gur roghnaíodh Gléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina chun díchóimeáil iomlán chriosanna lárnacha an tseafta imoibreora a sheachfhoinsiú, ba cheart an sprioc d'aon trian ar a laghad a bheith sa laghdú ar an lucht saothair a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin i gcomparáid le líon na n-oibrithe coibhéise lánaimseartha ag deireadh 2024. I gcás inarb ábhartha, féadfar rochtain spriocdhírithe ar dheiseanna athoiliúna, uas-scilithe agus ath-imlonnaithe a thairiscint d'fhostaithe a ndéanann atheagrú an lucht saothair agus an próiseas seachfhoinsithe difear dóibh.

(17) Ba cheart don Liotuáin agus don Choimisiún faireachán agus rialú éifeachtach ar éabhlóid an phróisis díchoimisiúnúcháin a áirithiú chun an breisluach Aontais is airde den chistiú arna leithdháileadh faoin Rialachán seo a áirithiú, cé gur ar an Liotuáin fós atá an fhreagracht deiridh as an díchoimisiúnú. Áirítear leis an bhfaireachán agus leis an rialú an dul chun cinn a thomhas go héifeachtach, agus bearta ceartaitheacha a achtú i gcás inar gá. Chuige sin, ba cheart coiste a bhunú a mbeadh feidhmeanna faireacháin agus faisnéise aige agus ba cheart ionadaí ón gCoimisiún agus ón Liotuáin a bheith ina gcomhchathaoirligh air, mar a shonraítear sna cláir oibre.

(18) Ba cheart é a bheith indéanta méid na leithreasuithe arna leithdháileadh ar an gClár a athbhreithniú ar bhonn thorthaí na tuarascála cur chun feidhme.

(19) Ba cheart gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú faoin Rialachán seo a shainaithint laistigh de na teorainneacha a leagtar síos leis an bplean díchoimisiúnúcháin arna chur isteach ag an Liotuáin faoi Rialachán (Euratom) 1369/2013[14], agus leis na hathbhreithnithe air a rinneadh ina dhiaidh sin. Leis an bplean díchoimisiúnúcháin sainítear raon feidhme an chláir, staid deiridh agus dáta deiridh an díchoimisiúnaithe; cumhdaítear ann na gníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin, an sceideal gaolmhar a ghabhann leo, na costais agus na hacmhainní daonna is gá. I gcás inarb ábhartha, i gcomhréir le forálacha dhlí na Liotuáine nó laistigh de thréimhse ama níos giorra, i gcás aon teagmhas suntasach a bhfuil tionchar aige ar ábhar an phlean sin, ba cheart don Liotuáin plean díchoimisiúnúcháin atá tugtha cothrom le dáta a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena bhreithniú agus na cláir oibre ilbhliantúla á n-ullmhú.

(20) Ba cheart gníomhaíochtaí faoin gClár a dhéanamh agus iarracht chomhpháirteach airgeadais á déanamh ag an Aontas agus ag an Liotuáin. Bunaíodh tairseach uasta chómhaoinithe an Aontais i gcomhréir leis an gcleachtas cómhaoinithe arna bhunú faoi na cláir ba réamhtheachtaithe. Agus cleachtas clár inchomparáide de chuid an Aontais agus geilleagar neartaithe na Liotuáine á gcur san áireamh, ó thionscnamh an Chláir go dtí deireadh chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo, [níor cheart ráta cómhaoinithe an Aontais a bheith níos airde ná 86 % de na costais incháilithe.] Ba cheart don Liotuáin agus d'fhoinsí eile seachas buiséad an Aontais an chuid eile den chómhaoiniú a sholáthar, amhail institiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus deontóirí eile.

(21) Tugadh aird chuí ar Thuarascáil Speisialta Uimh. 22/2016 ón gCúirt Iniúchóirí[15], ar na moltaí atá inti, agus ar an bhfreagra ón gCoimisiún.

(21A) Tugadh ar aird rún reachtach [...] ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle lena mbunaítear an clár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach do Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina sa Liotuáin (clár Ignalina); agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 2021/101.

---

14 Rialachán 1369/2013 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2021/101 ón gComhairle maidir le tacaíocht ón Aontas don chlár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach sa Liotuáin (IO L 346, 20.12.2013, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1369/oj).

15 Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2016 'Clár cúnaimh an Aontais um dhíchoimisiúnú núicléach sa Liotuáin, sa Bhulgáir agus sa tSlóvaic: roinnt dul chun cinn ó 2011, ach dúshláin fós ann', Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

(22) Tagann an Clár faoi raon feidhme Chlár Náisiúnta na Liotuáine faoi Threoir 2011/70/Euratom.

(23) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun cuspóirí an Chláir a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16].

(24) Na modhanna cur chun feidhme agus na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas a leagtar síos sa Rialachán seo, is ar bhonn a fhónta atá siad ó thaobh cuspóirí sonracha na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a bhaint amach ba cheart iad a roghnú, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chostais rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar an riosca maidir le neamhchomhlíonadh a mheastar a bheith ann. Leis sin, ba cheart breithniú ar úsáid cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe agus costas aonaid, chomh maith le maoiniú nach bhfuil baint aige leis na costais dá dtagraítear in Airteagal 125(1), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, a bheith san áireamh.

(25) Tagann an Clár in ionad an chláir a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/101 ón gComhairle le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027. Ba cheart dá bhrí sin an Rialachán sin a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

16 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

*Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Bunaítear leis an Rialachán seo an clár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach do ghléasra cumhachta núicléiche Ignalina sa Liotuáin ('an Clár') ⌊don tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034⌋.

2. Leis an Rialachán seo, leagtar síos freisin cuspóirí an Chláir, a bhuiséad [don tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034], na foirmeacha cistithe ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'díchoimisiúnú' bearta riaracháin agus teicniúla lena gceadaítear roinnt de na rialuithe rialála nó iad go léir a bhaint de shaoráid núicléach agus arb é is aidhm dóibh cosaint fhadtéarmach an phobail agus an chomhshaoil a áirithiú, lena n-áirítear laghdú ar leibhéil radanúiclídí iarmharacha sna hábhair agus ar shuíomh na saoráide;

(2) ciallaíonn 'plean díchoimisiúnúcháin' doiciméad ina bhfuil faisnéis mhionsonraithe maidir leis an díchoimisiúnú atá beartaithe agus lena gcumhdaítear an straitéis díchoimisiúnúcháin a roghnaíodh; sceideal, cineál agus seicheamh na ngníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin; an straitéis bainistithe dramhaíola a chuirtear i bhfeidhm, lena n-áirítear imréiteach; an staid deiridh atá beartaithe; stóráil agus diúscairt na dramhaíola ó dhíchoimisiúnú; an t-amchlár le haghaidh díchoimisiúnúcháin; na meastacháin chostais chun díchoimisiúnú a chur i gcrích; agus na cuspóirí, na torthaí a bhfuil coinne leo, na garspriocanna agus na sprioc-amanna, chomh maith leis na príomhtháscairí díchoimisiúnúcháin comhfhreagracha, lena n-áirítear táscairí bunaithe ar an luach tuillte. Is é sealbhóir ceadúnais na saoráide núicléiche a ullmhaíonn an plean agus cuirtear san áireamh é i gcláir oibre ilbhliantúla an Chláir.

*Airteagal 3*

**Cuspóirí an Chláir**

1. Tá na cuspóirí ginearálta seo a leanas ag an gClár:

(a) cabhrú leis an Liotuáin díchoimisiúnú ghléasra cumhachta núicléiche Ignalina a chur chun feidhme, agus béim ar leith á leagan ar na dúshláin sábháilteachta raideolaíochta a bhainistiú agus ar éifeachtúlacht chur chun feidhme an chláir a bharrfheabhsú trí laghdú comhréireach agus atheagrú a dhéanamh ar an lucht saothair;

(b) eolas a chruthú maidir leis an bpróiseas díchoimisiúnúcháin núicléach agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí a eascraíonn as na gníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin, táirgí eolasbhunaithe sainráite a sholáthar maidir le saincheisteanna díchoimisiúnúcháin agus rialachais bainistithe dramhaíola, dea-chleachtais bhainistíochta, dúshláin theicneolaíocha agus, más indéanta, prótacail sláinte agus sábháilteachta le haghaidh oibrithe agus an phobail i gcoitinne a bhaineann le gníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin, agus béim ar leith á leagan ar éilliú comhshaoil agus éifeachtaí díobhálacha sláinte ó ábhair radaighníomhacha a chosc.

Scaipfear an t-eolas dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír ar leibhéal an Aontais, agus níos faide ná sin, ar thríú tíortha i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le beartas agus cuspóirí an Aontais, sna réimsí ábhartha uile, rud lena bhforbrófar sineirgí féideartha de chuid an Aontais, faoin gclár dar teideal an Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach agus Díchoimisiúnú (ICSN-D), mar a leagtar amach in Airteagal [X] de Rialachán (Euratom) [XXX].

2. Comhordóidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde struchtúrú agus scaipeadh an eolais, dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), ar na Ballstáit agus ar thríú tíortha, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir le beartas agus cuspóirí an Aontais, agus cosaint iomchuí leasanna slándála, mhaoin intleachtúil, íogaireacht agus rúndacht faisnéise agus cheannaireacht theicneolaíoch an Aontais á áirithiú. Déanfar na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú faoi chlár ICSN-D agus déanfaidh an tAontas iad a chistiú ag ráta 100 % de na costais incháilithe.

3. Beidh sé de chuspóir sonrach ag an gClár innealtóireacht a dhéanamh ar threalamh agus seaftaí imoibreora Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina, agus iad a dhíchóimeáil agus a dhí-éilliú i gcomhréir leis an bplean díchoimisiúnúcháin, lena n-áirítear bainistiú na dramhaíola radaighníomhaí a eascraíonn as na gníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin agus leanúint de bhainistiú sábháilte a dhéanamh ar an díchoimisiúnú agus ar an dramhaíl iarmharach.

4. Leagtar amach san Iarscríbhinn liosta na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh faoin gClár. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sainmhíniú níos mionsonraithe a dhéanamh ar ábhar na ngníomhartha a liostaítear san Iarscríbhinn chun go mbainfear amach cuspóirí an Chláir. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

*Airteagal 4*

**Buiséad**

1. Socraítear uasmhéid an imchlúdaigh airgeadais tháscaigh chun an Clár a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034 ag EUR 678 000 000 i bpraghsanna reatha.

2. Gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí ar faide ná aon bhliain airgeadais amháin iad, féadfar iad a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

3. Féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2034 chun na costais is gá a chumhdach agus chun go mbeifear in ann gníomhaíochtaí a bhainistiú nach mbeidh curtha i gcrích faoin am a thiocfaidh deireadh leis an gClár.

4. An t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus méideanna na n-acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 5, féadfar iad a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchóireachta agus meastóireachta, córais agus ardáin teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, gníomhaíochtaí faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, chomh maith leis an gcúnamh teicniúil agus riaracháin eile uile nó na costais eile uile a bhaineann leis an bhfoireann arna dtabhú ag an gCoimisiún chun an Clár a bhainistiú.]

*Airteagal 5*

**Acmhainní breise**

1. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais breise a dhéanamh leis an gClár.
Is ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d), nó (e), nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais breise.

2. Acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte, féadfar iad a chur ar fáil don Chlár, ach na Ballstáit é sin a iarraidh. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (a) nó (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Is acmhainní breise le cois an mhéid dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán seo iad na hacmhainní sin. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach ná faoi bhainistíocht indíreach maidir le méideanna breise arna gcur ar fáil don Chlár ar an dóigh sin, féadfar na méideanna comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach faoi leith amháin nó níos mó, arna iarraidh sin ag an mBallstát lena mbaineann.

*Airteagal 6*

**Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach**

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i bpáirt le cláir eile de chuid an Aontais. Gníomhaíocht a bhfuil ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile, féadfaidh sí ranníocaíocht a fháil faoin gClár freisin. Beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, sin nó féadfar sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile agus féadfar gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostais incháilithe a bhunaítear an ranníocaíocht ón Aontas, ní rachaidh an tacaíocht charnach ó bhuiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn pro rata i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

2. Nósanna imeachta dámhachtana a bheidh ann faoin gClár, féadfar iad a stiúradh go comhpháirteach, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach ag na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó tríú páirtithe eile ('comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach'), ar choinníoll go n-áiritheofar cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir sraith aonair rialacha agus tabharfar gealltanais dhlíthiúla aonair i gcrích dá dtoradh. Chun na críche sin, na comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach, féadfaidh siad acmhainní a chur ar fáil don Chlár i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo, nó féadfar a chur de chúram ar na comhpháirtithe an nós imeachta dámhachtana a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I nósanna imeachta dámhachtana comhpháirteacha, féadfaidh ionadaithe na gcomhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach a bheith ina gcomhaltaí den choiste meastóireachta freisin dá dtagraítear in Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

*Airteagal 7*

**Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas**

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach trí bhíthin eintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c), den Rialachán sin.

2. Féadfar cistiú ón Aontas faoin gClár a sholáthar in aon fhoirm i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, go háirithe duaiseanna, soláthar, agus deontais neamhairgeadais.

*Airteagal 8*

**Incháilitheacht**

1. Ní bheidh ach gníomhaíochtaí lena gcuirtear na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 chun feidhme incháilithe chun cistiú ón Aontas a fháil.

2. Leis na cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfar na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú a thuilleadh nó féadfar critéir incháilitheachta níos mionsonraithe a leagan síos maidir le gníomhaíochtaí sonracha chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo.

*Airteagal 9*

**Rátaí cómhaoinithe**

Ní bheidh uasráta foriomlán cómhaoinithe an Aontais is infheidhme faoin gClár níos airde ná **[**86**]** %. Is ón Liotuáin agus ó fhoinsí eile, cé is moite de bhuiséad an Aontais, a thiocfaidh an chuid eile den mhaoiniú.

*Airteagal 10*

**Clár oibre**

1. Is le cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a chuirfear an Clár chun feidhme. Glacfar na cláir oibre i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

2. Cuirfear san áireamh sna cláir oibre an plean díchoimisiúnúcháin is infheidhme atá le feidhmiú mar an bhonnlíne d'fhaireachán agus do mheastóireacht an chláir.

*Airteagal 11*

**An coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

*Airteagal 12*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (AE) 2021/101 le héifeacht ón 1 Eanáir 2028.

*Airteagal 13*

**Forálacha idirthréimhseacha**

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí arna dtionscnamh faoi Rialachán (AE) Uimh. 2021/101, a mbeidh feidhm aige maidir leo go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.

2. Ina theannta sin, féadfaidh imchlúdach airgeadais an Chláir an speansas teicniúil agus riaracháin a chumhdach is gá chun an t-aistriú idir an Clár agus na bearta a glacadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 2021/101 a áirithiú.

*Airteagal 14*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

Na gníomhaíochtaí a áirítear sa phlean díchoimisiúnúcháin arna thíolacadh ag an Liotuáin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1369/2013, agus na hathbhreithnithe a rinneadh air ina dhiaidh sin, cumhdaítear iad faoin gcuspóir sonrach a leagtar amach in Airteagal 3(3), go háirithe an méid seo a leanas:

(I) Seafta imoibreora a dhíchóimeáil:

(1) díchóimeáil agus dí-éilliú na gcriosanna uachtaracha agus íochtaracha a chur i gcrích (ar a dtugtar crios R1 agus crios R2, faoi seach);

(2) díchóimeáil na ndeighilteoirí druma gaile a chur i gcrích;

(3) croíthe imoibreora (dá ngairtear crios R3):

(a) teicneolaíocht díchóimeála a ndearnadh innealtóireacht uirthi agus atá ceadúnaithe;

(b) trealamh díchóimeála a suiteáladh agus atá oibríochtúil;

(c) díchóimeáil agus dí-éilliú chrios lárnach na seaftaí imoibreora i gcomhréir leis an bplean díchoimisiúnúcháin; ní mór an dul chun cinn a thomhas de réir chainníocht agus chineál na n-ábhar a baineadh agus trí luach tuillte freisin);

(e) an tsaoráid stórála eatramhach dramhaíola imoibreora atá i bhfeidhm.

(II) An clár um scartáil foirgneamh a chur chun feidhme. Tá an dul arna dhéanamh maidir leis an gcuspóir seo le tomhas de réir chainníocht na bhfoirgneamh a scartáladh agus trí luach tuillte chomh maith.

(III) Déanfar éifeachtúlacht chlár díchoimisiúnú Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a optamú, go háirithe trí laghdú comhréireach agus atheagrú a dhéanamh ar an lucht saothair (na fostaithe) lena mbaineann. I bhfianaise na ngníomhaíochtaí díchóimeála agus i bhfianaise na rogha maidir le Gléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina díchóimeáil iomlán criosanna lárnacha seafta imoibreora a sheachfhoinsiú, ba cheart díriú ar aon trian a bheith sa laghdú ar an lucht saothair a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin i gcomparáid le líon na n-oibrithe coibhéise lánaimseartha ag deireadh 2024. I gcás inarb ábhartha, féadfar rochtain spriocdhírithe ar dheiseanna athoiliúna, uas-scilithe agus ath-imlonnaithe a thairiscint d'fhostaithe a ndéanann an t-atheagrú agus an próiseas seachfhoinsithe difear dóibh. Déanfar dul chun cinn a thomhas i leith Príomhtháscairí Feidhmíochta sonracha arna bhformheas sna cláir oibre cur chun feidhme.

(IV) Bainistiú sábháilte ar an díchoimisiúnú agus ar an dramhaíl iarmharach go dtí go ndéantar iad a stóráil nó a dhiúscairt (de réir na catagóire dramhaíola), lena n-áirítear an bonneagar bainistithe dramhaíola agus an stór gardhromchla a chríochnú. Ní mór é a bhaint amach i gcomhréir leis an bplean díchoimisiúnúcháin, ina athbhreithniú deiridh. Tá an dul chun cinn le tomhas de réir chainníocht agus chineál na dramhaíola atá á stóráil nó á diúscairt go sábháilte, agus trí luach tuillte freisin.

(V) Guaiseacha raideolaíocha a íosghrádú. Tá an dul chun cinn le tomhas trí mheasúnuithe sábháilteachta ar na gníomhaíochtaí agus ar an tsaoráid, trí bhealaí a shainaithint ina bhféadfadh nochtadh féideartha tarlú agus trí mheastachán a dhéanamh ar dhóchúlacht agus ar mhéid an nochta fhéideartha.

Ní chumhdófar leis an gcuspóir sonrach a leagtar amach in Airteagal 3(3) diúscairt breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí i saoráid diúscartha dhomhain gheolaíoch ná an cistiú chun saoráid diúscartha dhomhain gheolaíoch a bhaint amach.